Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe
ar son na hAeráide & Comhshaoil
Department of Communications,
Climate Action & Environment

# An Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí

## Comhairliúchán ar arduithe ar an ráta oibleagáide bithbhreosla sa todhchaí

# Clár


1 Achoimre Fheidhmeach ..... 3

2 Cúlra & Beartas ..... 4

2.1 An Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí ..... 4

2.2 Forléargas Beartais ..... 5

2.3 Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí ..... 6

2.4 Athruithe Indíreacha ar Úsáid Talún agus Bithbhreoslaí ..... 7

2.5 Ardsprioc Bithbhreoslaí 2020 ..... 8

2.6 An Treoir maidir le Cáilíocht an Bhreosla ..... 9

2.7 Bithbhreoslaí in Éirinn ..... 10

2.8 Bonneagar Breoslaí Malartacha ..... 11

2.9 An Plean Náisiúnta Maolúcháin ..... 12

2.10 Breatimeacht ..... 13

2.11 Breoslaí In-athnuaite – an Ríocht Aontaithe ..... 13

2.12 Tabhairt ar aghaidh teastas ..... 14

2.13 Comhthéacs Bheartas an AE go 2030 ..... 14

2.14 Dul chun cinn i dtíortha eile ..... 14

2.15 An Earnáil Teasa ..... 15

3 Moladh ..... 17

4 Ceisteanna Comhairliúcháin ..... 18

5 Iarscríbhinn ..... 22

# 1 Achoimre Fheidhmeach

Tá tuairimí á lorg ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maidir le hardú céimnithe ar an ráta oibleagáide bithbhreosla a chur i bhfeidhm.

Tá rannpháirtíocht á lorg ar roinnt ceisteanna; leibhéal an ardaithe, modhanna chun oibleagáid mhéadaithe a bhaint amach, dúshláin theicniúla, tionchair iomaíochais, an poitéinseal chun teorainn a chur le leibhéal thabhairt ar aghaidh na dteastas oibleagáide bithbhreosla sna blianta amach romhainn, agus an poitéinseal chun oibleagáid den chineál céanna a thabhairt isteach san earnáil theasa san áireamh.

Beidh an comhairliúchán poiblí ar oscailt ar feadh 7 seachtaine agus dúnfaidh sé ar an 19 Eanáir 2018.

## 2 Cúlra & Beartas

### 2.1 An Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí

Tugadh an Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí isteach in 2010 agus tá sí á riar ag an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta[1]. Teastaíonn ón scéim go gcinntíonn gach soláthraí bhreosla an iompair bhóthair go dtagann cuid áirithe den bhreosla a sholáthraítear as foinsí in-athnuaite.

Is scéim bunaithe ar theastas í ina n-eisítear teastais i dtaca le bithbhreosla, a léiríodh gur chloígh sé le critéir dhochta inbhuanaitheachta agus gur cuireadh ar an margadh é. Bronntar dhá theastas do gach lítear bithbhreosla a ghintear as foinsí áirithe (m.sh. dramhaíl, ábhar ceallalóis neamhbhia, agus ábhar ligno-cheallalóis) a cuireadh ar an margadh agus teastas amháin á bhronnadh in aghaidh an lítir i mbithbhreoslaí eile.

Do gach bliain féilire, caithfidh teastais oibleagáide bhithbhreoslaí bheith ag soláthraí breosla chun comhlíonadh a léiriú. Cinneann an ráta oibleagáide bithbhreosla líon na dteastas atá ag teastáil.

Líon na dteastas bithbhreosla a chaithfidh bheith ag gach soláthraí i mbliain áirithe mar chéatadán den bhreosla iomlán iompair a cuireadh ar an margadh i lítir atá i gceist leis an **ráta oibleagáide bithbhreosla**. Tá an ráta, a leagadh amach faoin reachtaíocht, ag 8.695% faoi láthair. Ciallaíonn sé sin go gcaithfear 8,695 teastas a bheith ag soláthraithe do gach 100,000 lítear breosla iontaise a chuirtear ar an margadh.

Is minic a thugtar 8% ar an ráta seo mar go dteastaíonn 8 dteastas do gach 92 lítear breosla iontaise a chuirtear ar an margadh.

Comhfhreagraíonn na rátaí oibleagáide a ndéantar tagairt dóibh i rith an chomhairliúcháin seo don dara sainmhíniú. Dá bhrí sin, nuair a luaitear ráta 10%, comhfhreagraíonn sé do 11.111% (i.e. 10/90) i reachtaíocht agus nuair a luaitear ráta 12%, comhfhreagraíonn sé do 13.636% (i.e 12/88) i reachtaíocht.

Tá an ráta oibleagáide bithbhreosla bunaithe ar thoirt agus ní chomhfhreagraíonn sé go díreach do spriocanna 2020 na hÉireann, a chuirtear in iúl i dtéarmaí fuinnimh. Is amhlaidh atá mar gur féidir leis an bhfuinneamh i lítear bheith difriúil ón bhfuinneamh a sholáthraíonn lítear de bhreosla bunaithe ar iontaise.

[1] http://www.nora.ie/biofuels-obligation-scheme.141.html


## 2.2 Forléargas Beartais

Leag Treoir 2009 maidir le Fuinneamh In-athnuaite sprioc síos go dtiocfaidh 16% d'ídiú fuinnimh as foinsí in-athnuaite faoin mbliain 2020 agus tugadh sprioc 40% don earnáil leictreachais, sprioc 12% don earnáil teasa agus sprioc 10% don earnáil iompair.

Tá sé mar aidhm ag Éirinn sprioc 10% maidir le fuinneamh in-athnuaite san earnáil iompair a bhaint amach ach úsáid níos mó a bhaint as bithbhreoslaí inbhuanaithe, agus cúnamh á thabhairt ag feithiclí leictreacha freisin. Beidh soláthar bithbhreoslaí tríd an Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí ar an bpríomhmheicníocht le cinntiú go mbainfear sprioc 10% na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite san earnáil iompair amach.  Léiríonn na figiúrí is déanaí ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) gur bhain Éire 5.0% den sprioc 10% seo don bhliain 2020 amach in 2016.

Léirítear dul chun cinn na hÉireann i dtreo sprioc an fhunnimh in-athnuaite san earnáil iompair go grafach thíos chomh maith leis an ráta oibleagáide bithbhreosla.

**Fíor 1 - Dul chun cinn i dtreo sprioc an fhuinnimh in-athnuaite san earnáil iompair**




Foinse: Energy in Ireland (SEAI)

Mar a leagadh amach i gComhairliúchán Poiblí 2015 roimhe seo, tá ardú thart ar 12% ar an ráta oibleagáide bithbhreosla ag teastáil le go mbainfidh Éire sprioc 10% an fhuinnimh in-athnuaite san earnáil iompair amach.

## 2.3 Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí

Tá ról tábhachtach ag an Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí chun earnáil an iompair bhóthair a dhícharbónú. Cinntíonn critéir inbhuanaitheachta a bunaíodh i Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Fuinneamh In-athnuaite) 2014 (Uimh. 483 de 2014) go mbaintear riachtanais inbhuanaitheachta do bhithbhreoslaí a chuirtear ar an margadh amach. Mar chuid de na bearta seo, ní sholáthraítear bunábhair do bhithbhreoslaí ach ó thalamh a bhfuil stoc íseal carbóin aige agus ní chuirtear isteach ar bhithéagsúlacht.

Ina theannta sin, caithfidh bithbhreoslaí íos-sábháil astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach i ndéine carbóin i gcomparáid le breoslaí iontaise[2]. Bhí déine carbóin de thart ar 18.5 g$CO_2$e / MJ ag an meánlítear bithbhreosla a cuireadh ar an margadh in Éirinn in 2016, a léiríonn laghdú 78% i ndéine carbóin i gcomparáid le breoslaí iontaise an iompair bhóthair.

Ní mór do bhithbhreoslaí a úsáidtear san AE cloí leis na critéir inbhuanaitheachta seo le go n-áireofar iad i spriocanna éigeantacha náisiúnta um fhuinneamh in-athnuaite. Is féidir le soláthraithe léiriú go gcloíonn a mbithbhreoslaí leis na critéir ach brath ar cháipéisí fíorúcháin a sholáthraíonn ceann de na naoi scéim déag dheonacha ar fhaomh an Coimisiún Eorpach iad. Cé is moite de mhéid an-bheag bithdhíosail a ghintear ó ola chócaireachta úsáidte, chlúdaigh scéim dheonach an bithbhreosla ar fad a cuireadh ar mhargadh na hÉireann in 2016.

---

[2] Má thagann an bithbhreosla as suiteáil ar cuireadh tús léi i ndiaidh an 6 Deireadh Fómhair 2015, caithfidh an shábháil astaíochtaí gás ceaptha teasa bheith ag 60% ar a laghad. Caithfidh bithbhreoslaí a ghintear i suiteálacha a tógadh ar nó roimh an 6 Deireadh Fómhair 2015 íos-sábháil astaíochtaí gás ceaptha teasa de 35% ar a laghad a léiriú go dtí deireadh 2017 agus sábháil 50% a léiriú ón 1 Eanáir 2018.

## 2.4 Athruithe Indíreacha ar Úsáid Talún agus Bithbhreoslaí

Agus tionscal na mbithbhreoslaí ag fás san Eoraip, cuireadh imní ar dhaoine faoin Athrú Indíreach ar Úsáid Talún mar go bhféadfaí tailte, a úsáideadh roimhe seo chun barra a fhás, a athrú chun barra do bhithbhreoslaí a fhás mar gheall ar úsáid an bhithbhreosla san AE. Mar go mbeadh éileamh ar bhia fós ann, d'fhéadfaí talamh nár úsáideadh do bharra, féarthailte agus foraoisí ina measc, a chothú do tháirgeadh bia. Dá bhrí sin, ghinfí níos mó astaíochtaí gás ceaptha teasa d'fhéarthailte agus d'fhoraoisí ach go háirithe mar go n-ionsúnn siad leibhéil arda $CO_2$ de ghnáth. Cé go dtarlaíonn Athrú Indíreach ar Úsáid Talún lasmuigh de tháirgeadh agus de shlabhra soláthair an bhithbhreosla, is féidir nasc a dhéanamh idir é agus táirgeadh bithbhreosla mar gheall ar idirnáisiúntas na margaí talmhaíochta tráchtearraí. Ciallaíonn sé seo gur féidir talamh a thiontú áit ar bith ar domhan agus go n-ardódh an t-éileamh ar na barra seo freisin dá nginfí tuilleadh bithbhreoslaí chun spriocanna fuinneamh in-athnuaite a chomhlíonadh. Is féidir leis an tionchar seo bheith níos indírí. Is féidir leis an mbarr seo forbairt má mhéadaíonn an t-éileamh atá air, ach barr eile a bheidh thíos leis an méadú, rud a d'fhéadfadh tiontú foraoise nó féarthalaimh a spreagadh. Tionchar trasteorann atá i gceist le hAthrú Indíreach ar Úsáid Talún dá bharr, a fheidhmíonn go hidirnáisiúnta agus thar bharra. D'fhéadfaí astaíochtaí breise a scaoileadh mar gheall ar stoc carbóin a chailleadh ón talamh[3].

Glacadh le Treoir an Aontais Eorpaigh 2015/1513, ar a dtugtar "an Treoir maidir le hAthrú Indíreach ar Úsáid Talún", chun dul i ngleic leis na rioscaí seo agus chun úsáid na n-ard-bhithbhreoslaí a spreagadh. Is iad seo a leanas príomhfhorálacha na Treorach maidir le hAthrú Indíreach ar Úsáid Talún:

- cuireann sí teorainn le sciar na mbithbhreoslaí, a thagann ó bharra a fhástar ar thalamh talmhaíochta, is féidir a chur san áireamh chun spriocanna 2020 an fhuinnimh in-athnuaite de 7% a bhaint amach
- Tá ar Bhallstáit spriocanna neamhcheangailteacha a leagan síos d'ard-bhithbhreoslaí comhoiriúnaíonn sí liosta na mbunábhar le haghaidh bithbhreoslaí ar fud an AE a chabhróidís faoi dhó le sprioc 2020 do 10% fuinneamh in-athnuaite in iompar a bhaint amach
- teastaíonn uaithi go gcuireann bithbhreoslaí a ghintear i suiteálacha nua sábhálacha saolré gás ceaptha teasa de bhreis is 60% ar fáil i gcoinne comparadóra breosla iontaise
- dreasachtaí níos láidre a thabhairt isteach d'úsáid an leictreachais in-athnuaite in iompar

[3] Choimisiúnaigh Coimisiún an AE staidéar cuimsitheach agus foilsíodh in 2015 é. Ba iad aidhmeanna an staidéir astaíochtaí an athruithe ar úsáid talún, a tháinig as beartas bithbhreoslaí reatha an AE, a mheas suas go dtí an bhliain 2020 agus measann sé freisin tionchair an bheartais seo ar athrú ar úsáid talún sa bhliain 2030. Míníodh tionchair dhíreacha agus indíreacha an athraithe ar úsáid talún sa staidéar. Tá sé ar fáil anseo: https://ec.europa.eu/energy/sites/ener/files/documents/Final%20Report_GLOBIOM_publication.pdf

Tá forálacha na Treorach maidir le hAthrú Indíreach ar Úsáid Talún á dtrasuí i reachtaíocht náisiúnta faoi láthair.

## 2.5 Ardsprioc Bithbhreoslaí 2020

In Aibreán 2017, chuir Éire an Coimisiún Eorpach ar an eolas go ndéanfaimis ár ndícheall le cinntiú go dtiocfadh 0.25% d'fhuinneamh san earnáil iompair as ard-bhithbhreoslaí.

Faoi Airteagal 3(4) (e) den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (2009/28/EC arna leasú leis an Treoir maidir le hAthrú Indíreach ar Úsáid Talún (ILUC) 2015/1513), bhí ar gach Ballstát sprioc tháscach d'ard-bhithbhreoslaí a leagan amach roimh an 6 Aibreán 2017, a bheidh le baint amach ag na Ballstáit faoin mbliain 2020, agus bunaíodh sprioc tháscach 0.5% freisin. Cé go n-aithníodh táirgeadh bithbhreosla mar bheart suntasach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, chun spriocanna éigeantacha fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach agus chun dul i ngleic le hathrú aeráide, d'admhaigh an Coimisiún Eorpach gur léirigh sé riosca ábhartha a bhaineann le hathrú ar úsáid talún chomh maith. D'fhéadfaí brú a chur ar réimsí ar leith eile, foraoiseacht ina measc, chun freastal do tháirgeadh mar gheall ar an imeacht ó thailte talmhaíochta le haghaidh táirgthe bithbhreoslaí. Ach íosleibhéal d'ídiú bithbhreoslaí, a dhéantar as bunábhair, agus breoslaí eile[4] a bhunú mar chéatadán den mhéid fuinneamh in-athnuaite a úsáidtear in iompar, meastar go dtacófar le húsáid na n-ard-bhithbhreoslaí seachas breoslaí bunaithe ar bharra.

Tugadh cead do Bhallstáit sprioc náisiúnta a bhí ní b'ísle ná luach tagartha 0.5% a leagan síos, bunaithe ar cheann amháin de na cúiseanna seo a leanas nó níos mó:

*(i)* *cúinsí oibiachtúla, mar shampla, an poitéinseal teoranta do tháirgeadh inbhuanaithe bithbhreoslaí a dhéantar as bunábhair agus as breoslaí eile, a liostaítear i gcuid A d'iarscríbhinn IX, nó an chaoi nach bhfuil ach méid áirithe bithbhreoslaí ar fáil ar an margadh ag praghsanna cost-éifeachtúla;*

*(ii)* *na saintréithe sonracha teicniúla nó aeráide a bhaineann leis an margadh náisiúnta do bhreoslaí iompair, cosúil le comhdhéanamh agus bail fhlít na bhfeithiclí bóthair; nó*

*(iii)* *beartais náisiúnta a leithdháileann acmhainní comhréireacha airgeadais chun éifeachtúlacht fuinnimh agus an úsáid a bhaintear as leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh in iompar a dhreasú.*

---

[4] Liostaithe i gcuid A d'iarscríbhinn IX

Maidir le beartas reatha bithbhreoslaí na hÉireann, tá sé soiléir go bhfuil dúshláin shuntasacha fós ann chun lánchumas acmhainn bhithbhreosla na hÉireann a bhaint amach, cé go ndearnadh an-dul chun cinn le roinnt blianta anuas. Bithdhíosal ó ola chócaireachta úsáidte agus ó gheir a bhí i bhformhór an bhithbhreosla a táirgeadh in Éirinn. Bhí méideanna beaga de bhithdhíosal a táirgeadh ó shíol ráibe agus méid beag de tháirgeacht bhitheatánól i mbithbhreosla san am a chuaigh thart freisin.

Tháinig deireadh le Scéim an Fhaoisimh ó cháin Ola Mhianrach, a raibh sé mar aidhm aici táirgeadh intíre bithbhreosla a dhreasú, in 2010. Cé gur mhéadaigh an Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí úsáid na mbithbhreoslaí in Éirinn go dtí seo, níor mhéadaigh sí táirgeadh na mbithbhreoslaí dúchasacha mar go n-iompórtáiltear bithbhreoslaí ag praghsanna níos iomaíche nach raibh táirgeoirí intíre in ann dul san iomaíocht leo. Sheachain comhlachtaí móra breosla táirgeoirí dúchasacha mar gheall air sin.

Chinn Éire, tar éis di féachaint ar sprioc thagartha 0.5% de chuid an Choimisiúin, sprioc náisiúnta 0.25% a bhunú faoin gcoinníoll atá leagtha amach thíos:

*(i) cúinsí oibiachtúla, mar shampla, an poitéinseal teoranta do tháirgeadh inbhuanaithe bithbhreoslaí a dhéantar as bunábhair agus as breoslaí eile, a liostaítear i gcuid A d'iarscríbhinn IX, nó an chaoi nach bhfuil ach méid áirithe bithbhreoslaí ar fáil ar an margadh ag praghsanna cost-éifeachtúla;*

## 2.6 An Treoir maidir le Cáilíocht an Bhreosla

Leasaíodh an Treoir maidir le Cáilíocht an Bhreosla (Treoir 98/70/EC) le déanaí[5] le hoibleagáid ar sholáthraithe breosla a chur san áireamh chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa[6] a ghineann breoslaí ina saolré[7] a laghdú. Faoi airteagal 7a, tá ar sholáthraithe astaíochtaí a laghdú suas le 10% de réir a chéile in aghaidh aonad fuinnimh ó bhreosla agus ó fhuinneamh a sholáthraítear in iompar. Ba cheart go mbeadh an laghdú sin ionann le 6% ar a laghad faoin 31 Nollaig 2020 i gcomparáid le 2010. Bhunaigh an Treoir critéir inbhuanaitheachta a chaithfidh bithbhreoslaí a shásamh má tá siad le bheith san áireamh san oibleagáid chun déine na ngás ceaptha teasa a laghdú agus caithfear an comhlíonadh leis na critéir inbhuanaitheachta a fhíorú.

[5] I.R 581 de 2016. Ar fáil anseo http://www.irishstatutebook.ie/eli/2016/si/581/made/en/print

[6] Ciallaíonn "astaíochtaí gás ceaptha teasa saolré" glanastaíochtaí $CO_2$, $CH_5$ agus $N_20$ is féidir a shannadh don bhreosla (lena n-áirítear comhpháirteanna cumaisc ar bith) nó don fhuinneamh arna sholáthar. Áirítear leis sin gach céim ábhartha ó eastóscadh nó ó shaothrú, lena n-áirítear athruithe ar úsáid talún, iompar agus dáileadh, próiseas agus dóchán, beag beann ar an áit a dtarlaíonn na hastaíochtaí sin;

[7] i.e. Nuair a scagtar, iompraítear agus úsáidtear iad.

Riartar an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta Airteagal 7 den Treoir maidir le Cáilíocht an Bhreosla freisin. Má táimid chun laghdú 6% agus sprioc an fhuinnimh in-athnuaite san earnáil iompair a bhaint amach, braithfidh sé cuid mhaith ar bhithbhreoslaí inbhuanaithe a úsáid in áit breoslaí iontaise. D'fhéadfaí tuilleadh bithbhreoslaí bheith ag teastáil le sprioc an fhuinnimh in-athnuaite san earnáil iompair a chomhlíonadh, áfach, má táimid chun sprioc na Treorach maidir le Cáilíocht an Bhreosla a bhaint amach le bithbhreoslaí amháin. Tá meicníochtaí breise sa Treoir maidir le Cáilíocht an Bhreosla chun cabhrú le comhlíonadh: laghduithe astaíochtaí réamhtheachtacha agus is féidir le soláthraithe leictreachais páirt a ghlacadh ann.

Díol suntais is ea é go leagann dhá threoir Eorpacha ar leith (an Treoir maidir le Cáilíocht an Bhreosla agus an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite) riachtanais a bhfuil tionchar acu ar leibhéal na mbithbhreoslaí i mbreosla iompair. Cruthaíonn sé seo cúinse casta i dtaca le comhlíonadh soláthraí breosla.

## 2.7 Bithbhreoslaí in Éirinn

Thuairiscigh Tuarascáil Bhliantúil 2016 na Scéime Oibleagáide Bithbhreoslaí, a foilsíodh i mBealtaine 2017, gur cuireadh breis is 174 lítear breosla inbhuanaithe ar mhargadh na hÉireann. 109 milliún lítear de bhithdhíosal (cumaiscthe le díosal) agus 65 milliún lítear bitheatánól (cumaiscthe le gásailín) a bhí i gceist leis seo. Tháinig an bithdhíosal ar fad as bunábhair a bhí ina ndramhaíl nó ina bhfuíll: ola chócaireachta úsáidte, talamh tuartha spíonta agus geir i gcatagóir 1. Dá bhrí sin, measadh nach raibh astaíochtaí an athruithe indírigh ar úsáid talún acu agus ní áirítear sa chaidhp 7% a leagadh amach sa Treoir maidir le hAthrú Indíreach ar Úsáid Talún iad. Tháinig an bitheatánól ar fad as ábhar bunaithe ar bharra (m.sh. arbhar, cána siúcra, biatas siúcra, cruithneacht). Meastar nár bhain ach 1%, i dtéarmaí fuinnimh, de bhreoslaí an iompair bhóthair (bithbhreoslaí agus breoslaí iontaise) a cuireadh ar an margadh le bitheatánól.

Má mhéadaítear an ráta oibleagáide bithbhreosla, is dócha go dtabharfar breoslaí, a bhfuil tiúchain níos airde bhithbhreosla iontu, isteach (cosúil le E10 ina gcumasctar peitreal le 10% d'eatánól agus B7 ina gcumasctar díosal le 7% de bhithdhíosal).

Baineann dúshláin theicniúla leis an úsáid a bhaintear as breoslaí dá leithéid. Mar shampla, níl E10 feiliúnach chun carranna áirithe a thiomáintear in Éirinn a bhreoslú. Dá dtabharfaí E10 isteach, seans go mbeadh ar thiománaithe na gcarranna seo rochtain a bheith acu ar chumaisc bhithbhreosla níos ísle. D'fhéadfadh athruithe bheith ag teastáil i mbonneagar réamhchúirte dá bharr (m.sh. caidéal amháin a chur ar fáil do E10 agus caidéal eile do chumasc níos ísle bithbhreosla). D'fhéadfadh feachtas faisnéise bheith de dhíth freisin chun aird na dtiománaithe Éireannacha a tharraingt ar chomhoiriúnacht. Rinneadh feachtais feasachta dá leithéid i dtíortha ar nós na Beilge, na Fionlainne agus na Ríocht Aontaithe.

## 2.8 Bonneagar Breoslaí Malartacha

D'fhorbair an Coimisiún Eorpach an Treoir maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFID 2014/94/EU) chun tacú le bonneagar cuí athbhreoslaithe agus caighdeáin ghaolmhara a fhorbairt agus muid ag bogadh ó úsáid na hola. Tugann an treoir breac-chuntas ar roinnt roghanna breosla féideartha eile seachas ola in iompar, leictreachas, hidrigin, bithbhreoslaí, gás peitriliam leachtaithe (GPL) agus gás nádúrtha mar ghás nádúrtha comhbhrúite (CNG) agus mar ghás nádúrtha leachtaithe (GNL) ina measc.

I mBealtaine 2017, ghlac Éire le agus d'fhoilsigh sí Beartas Náisiúnta ar Bhonneagar Breoslaí Malartacha d'Iompar[8]. Tá sé mar aidhm ag an gCreat spriocanna a leagan síos chun leibhéal cuí de bhonneagar breoslaí malartacha le haghaidh iompair a bhaint amach agus chun tacú le breoslaí eile a úsáid.

Cé go gcuirtear béim ar an gcaoi nach mbeidh ról ag an gCreat i mbeartas ar úsáid na mbithbhreoslaí a leagan síos nó a leasú mar gheall ar ionstraimí atá ann cheana, an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, an Treoir maidir le Cáilíocht an Bhreosla agus an Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí ina measc, rinneadh an creat ar aon dul le beartais náisiúnta aeráide agus fuinnimh atá ann agus atá á bhforbairt, cosúil leis an bPáipéar Bán Fuinnimh.

Ar an gcaoi chéanna, admhaíonn an creat go meastar gur rogha thábhachtach eile iad bithbhreoslaí seachas breoslaí iontaise agus is dócha go mbainfidh formhór na mbreoslaí malartacha ar an margadh sa ghearrthréimhse agus sa mheántréimhse leo, go háirithe sna deich mbliana atá amach romhainn agus béim á cur freisin ar cé chomh tábhachtach agus atá sé go dtagann bithbhreoslaí as foinse inbhuanaithe agus nach lagaíonn siad úsáid talún.

---

[8] Tá an beartas ar fáil anseo: http://www.dttas.ie/sites/default/files/publications/public-transport/english/alternative-fuels-framework/6186npfalternative-fuels300517.pdf

## 2.9 An Plean Náisiúnta Maolúcháin

Leagann an Plean Náisiúnta Maolúcháin[9], a foilsíodh le déanaí, cur chuige iomlánaíoch amach i leith aistriú na hÉireann chuig geilleagar ísealcharbóin, athléimneach ó thaobh aeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh timpeallachta de faoin mbliain 2050. Is é an chéad phlean dá leithéid agus mar sin, ní dhéanann sé iarracht treochlár iomlán a chur ar fáil chun sprioc 2050 a bhaint amach. Ina ionad sin, leagfaidh sé próiseas roghanna meántéarmacha agus fadtéarmacha amach le cinntiú go bhfuilimid san áit cheart chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus le hastaochtaí gás ceaptha teasa. Luann sé an chaoi a léiríonn na réamh-mheastacháin is déanaí ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón GCC go méadóidh astaíochtaí iompair 10-16% thar leibhéil reatha sa tréimhse go dtí 2020, ag brath ar leibhéal na hidirghabhála beartais.

Ós rud é go bhfuil sé iomlánaíoch, forbraíodh an Plean Náisiúnta Maolúcháin ar aon dul le hoibleagáidí na hÉireann faoi Chinneadh 2009 maidir le Comhroinnt Díchill, faoi Chomhaontú Pháras agus faoi oibleagáidí idirnáisiúnta nó de chuid an AE a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo, spriocanna féideartha náisiúnta do 2030 san áireamh.

Is gné thábhachtach den Phlean Náisiúnta Maolúcháin é Dícharbónú Iompair. Agus aitheantas á thabhairt d'éagsúlacht beart a tugadh isteach cheana féin sa réimse seo agus i gcomhthéacs na sprice uaillmhianaí do 2050, cuireann an Plean Náisiúnta Maolúcháin réimse gníomhartha eile atá á meas don todhchaí chun cinn le go méadófar iarrachtaí chun astaíochtaí ón earnáil a mhaolú.

Admhaíonn sé go mbeidh forbairt na Scéime Oibleagáide Bithbhreoslaí riachtanach chun tiúchan na mbreoslaí ardastaithe atá ag teastáil chun tacú le córas iompair níos éifeachtúla a laghdú. Aithníonn sé freisin an chaoi ar chabhraigh an scéim le leibhéil laghdaithe na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa de thart ar 0.4 milliún tona carbóin in 2015 amháin a chur i bhfeidhm. Cuireann sé na méaduithe incriminteacha a bheidh le déanamh ó 2018 ar ráta oibleagáide bithbhreosla agus an chaoi a n-aithneoidh na méaduithe seo forbairtí teicniúla agus forbairtí eile in iúl.

[9] Tá an Plean Náisiúnta Maolúcháin ar fáil anseo:
http://www.dccae.gov.ie/documents/National%20Mitigation%20Plan%202017.pdf

## 2.10 Breatimeacht

Tá ról tábhachtach ag an Ríocht Aontaithe maidir le hola mhianrach agus bithbhreoslaí a sholáthar d'Éirinn. Braitear go mór ar scaglanna Briotanacha, nach ndéanann ach peitreal atá feiliúnach le cumasc le 5% d'eatánól agus cosúil le hÉirinn, tagann beagnach an chuid is mó de bhithdhíosal a sholáthraítear sa Ríocht Aontaithe as ola chócaireachta úsáidte agus as geir i gcatagóir 1. Tá an tionchar a d'fhéadfadh bheith ag Breatimeacht ina leith seo á scrúdú mar chuid d'obair na Roinne agus den obair thras-Rialtais.

## 2.11 Breoslaí In-athnuaite – an Ríocht Aontaithe

Sa Ríocht Aontaithe, cuireadh tús le hOibleagáid an Bhreosla In-athnuaite Iompair ar an 15 Aibreán 2008 agus tá sé i gceist aige laghduithe in astaíochtaí GHG in earnáil an iompair bhóthair a chur i bhfeidhm ach soláthar na mbreoslaí in-athnuaite a spreagadh. Teastaíonn uaithi go gcumascann soláthraithe bhreoslaí an iompair bhóthair cuid áirithe de bhithbhreosla sa pheitreal agus sa díosal a sholáthraíonn siad.

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí ar Oibleagáid an Bhreosla In-athnuaite Iompair, a dhún ag deireadh mhí Eanáir 2017, chun réimse beart a thabhairt isteach. Áiríodh leo sin leibhéal Oibleagáid an Bhreosla In-athnuaite Iompair a mhéadú in incrimintí go dtí 9.75% (de réir toirte) in 2020 chun úsáid 5-6% d'fhuinneamh in-athnuaite a bhaint amach in iompar faoin mbliain 2020, agus leibhéal an tsoláthair sin a choinneáil, ar a laghad, go dtí 2030 chun tacú le spriocanna fadtéarmacha dícharbónaithe agus chun cinnteacht a thabhairt don tionscal. I Meán Fómhair 2017, dheimhnigh rialtas na Ríochta Aontaithe go méadófaí leibhéal na hoibleagáide go dtí 9.75% in 2020 agus go méadódh sé sin go dtí 12.4% in 2032.

Bhreathnaigh an comhairliúchán ar na gnéithe seo a leanas go príomha:

- soláthar na mbreoslaí a thagann as dramhaíl a mhéadú;
- táirgeadh ardbhreoslaí, nó breoslaí 'forbartha', agus breoslaí in-athnuaite atá neamhbhitheolaíocht, cosúil le hidrigin in-athnuaite, a spreagadh; agus
- uasleibhéal do sholáthar na mbreoslaí a dhéantar as barra bia a leagan síos.

## 2.12 Tabhairt ar aghaidh teastas

Faoin Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí, is féidir teastais do bhithbhreoslaí, a cuireadh ar an margadh i mbliain amháin, a thabhairt ar aghaidh agus a chur san áireamh i 25%, ar a mhéad, d'oibleagáid bhithbhreosla duine atá faoi oibleagáid i gceachtar den dhá bhliain ina dhiaidh sin. Agus comhlíonadh spriocanna fuinneamh in-athnuaite na hÉireann á meas agat, áfach, ní chuirtear ach an fuinneamh ó bhithbhreosla a cuireadh ar an margadh san áireamh i spriocanna na bliana sin.

Dá bhrí sin, tá baol ann go dtiocfadh 25% de na teastais a úsáidtear chun cloí le hoibleagáidí bithbhreoslaí in 2020 as blianta roimhe sin. Cé go bhféadfaí oibleagáidí bithbhreoslaí na soláthraithe a bhaint amach, tá baol ann nach mbainfidh Éire a sprioc maidir le hiompar in-athnuaite amach.

## 2.13 Comhthéacs Bheartas an AE go 2030

I Samhain 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an pacáiste dar teideal 'Fuinneamh Glan do Mhuintir na hEorpa ar fad', lenar áiríodh moladh do Threoir nua maidir le Fuinneamh In-athnuaite a bheidh le cur i bhfeidhm ó 2021 ar aghaidh.


Cé go bhfuil sonraí an mholta fós faoi chaibidil, tá sé soiléir go mbeidh ról ríthábhachtach ag bithbhreoslaí i bhfuinneamh in-athnuaite in iompar i ndiaidh 2020.

## 2.14 Dul chun cinn i dtíortha eile

Ar fud an AE, tagann fuinneamh in-athnuaite san earnáil iompair as bithbhreoslaí den chuid is mó. Níl ról lárnach ag foinsí in-athnuaite fuinnimh eile (bithghás san áireamh) san earnáil iompair ag leibhéal an AE, ach cuirtear i ngníomh iad i roinnt Ballstát (m.sh. sa tSualainn agus san Fhionlainn).

Mar a léirítear go grafach thíos, rangaíodh Éire leath bealaigh i dtíortha ó thaobh fuinneamh in-athnuaite in iompar de in 2015.

**Fíor 2 - Dul chun cinn Bhallstáit an AE i dtreo íos-sprioc 10% an fhuinnimh in-athnuaite san earnáil iompair (2015)**[10]




## 2.15 An Earnáil Teasa

Cuireann an Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí oibleagáid ar sholáthraithe breosla san earnáil iompair cinnte a dhéanamh de go dtagann cuid den bhreosla a sholáthraíonn siad as foinsí in-athnuaite. In 2015, úsáideadh 70% den ola (táirgí ola cosúil le peitreal, díosal srl. ina measc) in ídiú deiridh fuinnimh na hÉireann san earnáil iompair. 4.6 milliún tona san iomlán a bhí i gceist leis[11].

Cé nach bhfuil sí chomh tábhachtach leis an earnáil iompair, d'ídigh an earnáil teasa breis is 1.8 milliún tona ola in 2015[12]. Is ionann sin agus breis is 40% den úsáid fuinnimh san earnáil teasa. Dáileadh ar fud na bhfo-earnálacha seo a leanas í; intíre (52%), tionsclaíochta (25%), seirbhísí tráchtála/poiblí (13%), agus talmhaíochta agus iascaigh (9%).

Tá Éire níos mó ná leath bealaigh i dtreo sprice 12% d'fhuinneamh in-athnuaite a bhaint amach san earnáil teasa faoin mbliain 2020. Beidh níos mó beart ag teastáil chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na sprice seo.

D'fhéadfaí scéim oibleagáide a thabhairt isteach (cosúil leis an Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí) san earnáil teasa. B'fhéidir go mbeadh ar sholáthraithe breosla san earnáil teasa cinnte a dhéanamh de go dtagann cuid áirithe den fhuinneamh a sholáthraítear as foinsí in-athnuaite (cosúil le bithleachtanna[13]) mar chuid den scéim seo.

---

[10] Foinse: https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/report-renewable-energy_en.pdf
[11] Foinse: SEAI Energy in Ireland – na milliúin tona ola atá coibhéiseach
[12] Foinse: SEAI Energy in Ireland – na milliúin tona ola atá coibhéiseach
[13] Tugtar bithleachtanna ar bhithbhreoslaí a úsáidtear lasmuigh den earnáil iompair

D'fhéadfadh scéim dá leithéid ligean d'Éirinn úsáid an fhuinnimh in-athnuaite san earnáil teasa a mhéadú gan athsholáthar mór bonneagair bheith ag teastáil (mar shampla, coirí ola i dithe srl.). Caithfear roinnt dúshláin theicniúla a shárú, áfach.

Mar shampla, tá na breoslaí a úsáidtear san earnáil teasa difriúil leis na breoslaí san earnáil iompair agus seans nach gcumasctar le bithleachtanna chomh héasca sin iad. Seans nach bhfuil cuid den bhonneagar atá á úsáid san earnáil teasa faoi láthair feiliúnach le húsáid le breoslaí a bhfuil bithleachtanna iontu. Ina theannta sin, stóráiltear go leor ola a úsáidtear san earnáil teasa in umair lasmuigh de thithe agus de ghnólachtaí thar thréimhsí fada ama a d'fhéadfadh deacrachtaí a chruthú do bhithleachtanna.

Is féidir cuid de na dúshláin a shárú agus d'fhéadfadh soláthraithe breosla dúshláin eile a sheachaint ach soláthairtí, a bhfuil bithleachtanna iontu, a chomhchruinniú i bhfo-earnálacha ar leith (cosúil le tionsclaíocht).

Ní dhearnadh iniúchadh domhain ar an rogha beartais seo go dtí seo. Ós rud é gur ola atá i gceist le níos mó ná 40% den fhuinneamh a ídítear san earnáil teasa, meastar go bhfuil poitéinseal ag scéim oibleagáide maidir le fuinneamh in-athnuaite.

## 3 Moladh

Le cinntiú go mbaineann Éire a sprioc 10% d'fhuinneamh in-athnuaite san earnáil iompair amach faoin mbliain 2020, meastar go bhfuil ráta oibleagáide de thart ar 12% ag teastáil. Braitheann an céatadán beacht ar roinnt cúinsí, an cineál bithbhreosla agus cé chomh mór agus atá na bithbhreoslaí sin i dteideal dhá theastas (in aghaidh an lítir) san áireamh.

Caithfear méadú ar bith a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe chun cabhrú leis an tionscal dul i dtaithí ar aon choigeartú teicniúil atá de dhíth agus chun foinsí oiriúnacha bithbhreoslaí inbhuanaithe a fháil.

Dá bhrí sin, beartaítear an ráta oibleagáide bithbhreoslaí a mhéadú mar seo a leanas:

- méadú chuig 10%[14] ón 1 Eanáir 2019; agus
- méadú chuig thart ar 12%[15] ón 1 Eanáir 2019.

Beartaítear freisin léibhéal úsáide reatha de thabhairt ar aghaidh na dteastas a laghdú / a shrianadh in 2020 chun an cúnamh a thabharfaidh an Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí do sprioc na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite san earnáil iompair a uasmhéadú.

[14] A chomhfhreagraíonn do 11.111% i reachtaíocht
[15] A chomhfhreagraíonn do 13.636% i reachtaíocht

# 4 Ceisteanna Comhairliúcháin

Ceist 1:

Chun sprioc na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite san earnáil iompair a bhaint amach, moltar go méadófar an ráta oibleagáide bithbhreosla go dtí 10% ón mbliain 2019 agus go dtí thart ar 12% ó 2020.

-An dtacaíonn tú leis an mbeart beartais seo?

-Cé na bithbhreoslaí a chabróidh leis na rátaí méadaithe seo a bhaint amach, dar leat?

-Cé na cineálacha malartacha cur chuige gur mó an seans go mbainfidh siad sprioc 2020 na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite san earnáil iompair amach, dar leat?

Ceist 2:

Chun sprioc na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite san earnáil iompair a bhaint amach, moltar go méadófar an ráta oibleagáide bithbhreosla go dtí 10% ón mbliain 2019 agus go dtí thart ar 12% ó 2020.

-Cén tionchar a bheidh aige seo ar phraghsanna breosla, dar leat?

-Cé na cineálacha malartacha cur chuige a d'fhéadfadh modh níos cost-éifeachtúla a chur ar fáil chun sprioc 2020 na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite san earnáil iompair amach a bhaint amach?

Ceist 3:

Beartaítear freisin léibhéal úsáide reatha de thabhairt ar aghaidh na dteastas a laghdú / a shrianadh in 2020 chun an cúnamh a thabharfaidh an Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí do sprioc na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite san earnáil iompair a uasmhéadú.

-An dtacaíonn tú leis an gcur chuige seo?

-Cén leibhéal a bheadh cuí le haghaidh thabhairt ar aghaidh na dteastas in 2020 agus ina dhiaidh sin?

-Má shíleann tú go mba chóir an leibhéal reatha a choimeád, tabhair cúiseanna le do thoil, ina gcuirtear cur chuige malartach iúl i leith chúnamh na mbithbhreoslaí chun sprioc na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite san earnáil iompair a bhaint amach a uasmhéadú.

Ceist 4:

Cuireann an Treoir maidir le Cáilíocht an Bhreosla (Treoir 98/70/EC), a leasaíodh le déanaí, oibleagáidí ar sholáthraithe astaíochtaí a laghdú - laghdú 6% ar a laghad ar dhéine carbóin a bheidh le baint amach faoin 31 Nollaig 2020 i gcomparáid le 2010 go sonrach.

-Cén chaoi a mbainfear an riachtanas seo amach, dar leat?

-Cé na bearta a d'fhéadfadh an Rialtas a ghlacadh chun cabhrú leis na páirtithe atá faoi oibleagáid sprioc na Treorach maidir le Cáilíocht an Bhreosla a bhaint amach?

Ceist 5:

Má mhéadaítear an ráta oibleagáide bithbhreosla, is dócha go dtabharfar breoslaí, a bhfuil tiúchain níos airde bhithbhreosla iontu, isteach (cosúil le E10 ina gcumasctar peitreal le 10% d'eatánól agus B7 ina gcumasctar díosal le 7% de bhithdhíosal). D'fhéadfadh deacrachtaí comhoiriúnachta cur isteach ar fheithiclí níos sine, ar chostas tomhaltóra, ar an ngá atá le feasacht tomhaltóirí chun a thabhairt isteach a éascú, agus ar an bhforbairt i mbonneagar réamhchúirte.

-Cé na dúshláin theicniúla agus tomhaltóra a bhaineann leis an ráta oibleagáide bithbhreosla a mhéadú (breoslaí cosúil le E10 agus B7 a thabhairt isteach san áireamh), dar leat?

-An féidir breoslaí cosúil le E10 agus B7 a thabhairt chuig an margadh in Éirinn faoin mbliain 2020?

-An bhfuil baic theicniúla ann ar ghnáthchumasc bithdhíosail (B7) de 7% a bhaint amach mar mheán thar an mbliain ar fad, míonna an gheimhridh san áireamh?

-Do rátaí cumaisc bithdhíosail atá níos airde ná 7%, an réiteach inmharthana iad bithbhreoslaí intiteáin?

Ceist 6:

Ó foilsíodh Straitéis Eorpach maidir le Soghluaiseacht Íseal-astaíochtaí i mí Iúil 2016, shocraigh an Coimisiún Eorpach go mbeadh ról teoranta ag bithbhreoslaí bunaithe ar bhia i ndícharbónú na hearnála iompair mar gheall ar an imní a bhí ar dhaoine faoin gcaoi a gcuireann siad leis an dícharbónú. Meastar go mbainfear an poitéinseal a bhaineann leis an earnáil iompair a dhícharbónú amach agus go n-íoslaghdófar tionchair foriomlána an athraithe indírigh ar úsáid talún má laghdaítear bithbhreoslaí bunaithe ar bhia de réir a chéile agus má chuirtear níos mó ard-bhithbhreoslaí ina n-áit. Chuir Coimisiún an AE in iúl go bhfuil conair na mbithbhreoslaí ag imeacht ó bhithbhreoslaí den chéad ghlúin i dtreo ard-bhithbhreoslaí nó bithbhreoslaí den dara glúin. Bainfear é seo amach go príomha ach caidhp a chur ar bhithbhreoslaí den chéad ghlúin agus ach ard-bhithbhreoslaí a dhreasú.

-Cén chaoi ar chóir tacú le forbairt leibhéil mhéadaithe na n-ard-bhithbhreoslaí in Éirinn?

Ceist 7:

Faoi láthair, níl an Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí i bhfeidhm ach san earnáil iompair. San earnáil theasa, úsáidtear go leor breoslaí iontaise (ola san áireamh) agus leagadh sprioc síos go dtiocfadh 12% d'ídiú fuinnimh as foinsí in-athnuaite faoin mbliain 2020.

-Cad é do thuairim faoin bpoitéinseal atá ann do scéim oibleagáide (cosúil leis an Scéim Oibleagáide Bithbhreoslaí) san earnáil teasa?

-Cé na baic theicniúla, dar leat, ar scéim dá leithéid a thabhairt isteach?

**Is féidir aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn chuig:**

Comhairliúchán Bithbhreoslaí

Beartas Fuinnimh Teasa & Iompair

An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

29-31 Bóthar Adelaide,

Baile Átha Cliath D02 X285

Nó is féidir ríomhphost a sheoladh chuig biofuel.obligation@dccae.gov.ie

Is é an spriocdháta le haghaidh aighneachtaí ná: 19 Eanáir 2018

Beidh freagairtí ar an gcomhairliúchán seo faoi réir fhorálacha den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 agus faoi réir fhorálacha de Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, 2007-2014. Ba cheart duit faisnéis rúnda nó faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a shainaithint go soiléir i d'aighneacht, ach ba chóir do pháirtithe a thabhairt faoi deara go bhfuil gach freagairt go huile agus go hiomlán faoi réir fhorálacha de na hAchtanna um SF agus féadfar í a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

# 5 Iarscríbhinn

***Reachtaíocht ábhartha agus Cáipéisí Tacaíochta***

An tAcht Fuinnmh (Oibleagáid Bhithbhreosla agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2010

http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2010/a1110i.pdf

I.R Uimh. 33/2012 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Critéir Inbhuanaitheachta Bhithbhreosla) 2012

http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/si/483/made/en/print

I.R Uimh. 483/2014 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Fuinneamh In-athnuaite) 2014

http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/si/483/made/en/print

I.R. Uimh. 225/2016 - An tOrdú um an Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Ráta Oibleagáide Bithbhreosla), 2016.

http://www.irishstatutebook.ie/eli/2016/si/225/made/en/print

I.R Uimh. 581/2016 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Fuinneamh In-athnuaite) (Leasú) 2016.

http://www.irishstatutebook.ie/eli/2016/si/581/made/en/print

An Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (2009/28/EC):

http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32009L0028&from=EN

Leasaigh an Treoir ILUC (2015/1513) an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus an Treoir maidir le Cáilíocht an Bhreosla agus cuirfidh sí tús leis an aistriú ó bhreoslaí bunaithe ar bharra bia i dtreo ard-bhithbhreoslaí. Trasuífear i reachtaíocht na hÉireann i rith 2017 í.

http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32015L1513&from=en

Moladh do Threoir athmhúnlaithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite (an dréacht tosaigh)

http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:52016PC0767R(01)&from=EN